Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13665/22
PV CONS 58
AGRI 548
PECHE 403

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht agus Iascach**)

17 Deireadh Fómhair 2022

## ÁBHAR

**Leathanach**


1. Glacadh an chláir oibre .......... 3

2. Formheas na míreanna 'A' .......... 3
   (a) Liosta neamhreachtach
   (b) Liosta reachtach


**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**


IASCACH

3. Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2023 .......... 4

4. Cruinniú bliantúil ICCAT (an 14 go dtí an 21 Samhain 2022) .......... 4

TALMHAÍOCHT

5. Staid an mhargaidh, go háirithe tar éis an ionraidh a rinneadh ar an Úcráin .......... 4

6. Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil .......... 4


**Aon ghnó eile**


7. (a) Deireadh a chur le marú córasach sicíní fireanna ar fud an Aontais .......... 5
   (b) Dul i ngleic le srianta cómhaoinithe na gclár fíteashláintíochta agus tréidliachta trí fhéachaint ar roghanna chun cur chun feidhme a fheabhsú bunaithe ar phlé straitéiseach idir an Coimisiún agus na Ballstáit .......... 5
   (c) Dearbhú Comhpháirteach ó Airí Talmhaíochta Ghrúpa Visegrad agus ón mBulgáir, ón gCróit, ón Rómáin agus ón tSlóivéin maidir leis na dúshláin agus deiseanna na mBallstát i ndáil le tionscnaimh feirmeoireachta carbóin an Aontais .......... 6
   (d) Beatha próitéine orgánaí ón Úcráin .......... 6
   (e) A thábhachtaí atá sé oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus creat an Aontais maidir le faireachán ar fhoraoisí agus pleananna straitéiseacha á n-ullmhú acu .......... 6
   (f) Leasacháin RENURE a chur chun cinn mar chuid den gheilleagar ciorclach .......... 7

IARSCRÍBHINN – Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle .......... 8


***

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 13308/1/22 REV 1.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

(a) **Liosta neamhreachtach** 13310/22

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 13310/22, lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a cuireadh faoina bráid lena nglacadh.

(b) **Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 13311/22

Fostaíocht agus Beartas Sóisialta

1. **Treoir maidir leis an gcothromaíocht inscne a fheabhsú i measc stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuideachtaí arna liostú ar stocmhalartáin agus bearta gaolmhara** ❶C 13153/1/22 REV 1 + ADD 1 REV 1 10521/22 + ADD 1 + ADD 1 COR 2 SOC
*Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 12.10.2022

D'fhormheas an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle, agus an Pholainn, an tSualainn agus an Ungáir ag vótáil ina choinne agus an Eastóin, an Laitvia, Poblacht na Seice agus an tSlóvaic ag staonadh (Bunús dlí: Airteagal 157(3) CFAE). Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Iompar

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2.** | **Rialachán maidir leis an tarscaoileadh sealadach ó na ceanglais maidir le húsáid sliotán**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>*Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 12.10.2022 | ❶C | 13532/22<br>PE-CONS 47/22<br>AVIATION |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Bunús dlí: Airteagal. 100(2) CFAE).

Chinn an Chomhairle maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

IASCACH

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2023 (An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 43(3) CFAE)<br>*Comhaontú polaitiúil* | C(*) | 13353/22<br>11877/22 + ADD 1 |
| 4. | Cruinniú bliantúil ICCAT (an 14 go dtí an 21 Samhain 2022)<br>*Malartú tuairimí* | | 12238/22 |

TALMHAÍOCHT

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5. | Staid an mhargaidh, go háirithe tar éis an ionraidh a rinneadh ar an Úcráin *Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*<br>*Malartú tuairimí* | | 13176/2/22 REV 2<br>13467/22 |
| 6. | Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil<br>*Faisnéis ón gCoimisiún*<br>*Malartú tuairimí* | | 13077/22 |

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**7. (a) Deireadh a chur le marú córasach sicíní fireanna ar fud an Aontais** ☐ 13317/22

*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Fraince agus na Gearmáine thar ceann thoscaireachtaí na Beilge, na Cipire, na hÉireann, na Fionlainne, na Fraince, na Gearmáine, Lucsamburg, na hOstaire agus na Portaingéile*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na Fraince agus na Gearmáine ar fáil, thar ceann thoscaireachtaí na Beilge, na Cipire, na hÉireann, na Fionlainne, na Fraince, na Gearmáine, Lucsamburg, na hOstaire agus na Portaingéile, maidir le marú sicíní fireanna, mar a leagtar amach in 13317/22. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí agus an Coimisiún.

**(b) Dul i ngleic le srianta cómhaoinithe na gclár fíteashláintíochta agus tréidliachta trí fhéachaint ar roghanna chun cur chun feidhme a fheabhsú bunaithe ar phlé straitéiseach idir an Coimisiún agus na Ballstáit** ☐ 13491/1/22 REV 1

*Faisnéis ó thoscaireachtaí na hOstaire agus na hUngáire, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Beilge, na Bulgáire, na Cipire, na Cróite, na hEastóine, na hÉireann, na Fionlainne, na Fraince, na Gréige, na hIodáile, na hÍsiltíre, na Laitvia, na Liotuáine, Lucsamburg, Mhálta, na Polainne, na Portaingéile, na Rómáine, na Slóivéine, na Slóvaice agus na Spáinne*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na hOstaire agus na hUngáire ar fáil, le tacaíocht ón mBeilg, ón mBulgáir, ón gCipir, ón gCróit, ón Eastóin, ó Éirinn, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ón nGréig, ón Iodáil, ón Ísiltír, ón Laitvia, ón Liotuáin, ó Lucsamburg, ó Mhálta, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSlóvaic, ón tSlóivéin agus ón Spáinn, mar a leagtar amach in 13491/1/22 REV 1 í, maidir leis an tsaincheist maidir le dul i ngleic le srianta cómhaoinithe na gclár fíteasláintíochta agus tréidliachta trí fhéachaint ar roghanna chun cur chun feidhme a fheabhsú bunaithe ar phlé straitéiseach idir an Coimisiún agus na Ballstáit.

Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí agus an Coimisiún.

**(c)** **Dearbhú Comhpháirteach ó Airí Talmhaíochta Ghrúpa Visegrad agus ón mBulgáir, ón gCróit, ón Rómáin agus ón tSlóivéin maidir leis na dúshláin agus deiseanna na mBallstát i ndáil le tionscnaimh feirmeoireachta carbóin an Aontais** 13405/22
*Faisnéis ó thoscaireacht na Slóvaice thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire, na Cróite, na Polainne, na Rómáine, na Slóivéine, na Slóvaice agus na hUngáire*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a fuarthas ó thoscaireacht na Slóivéine faoi Dhearbhú Comhpháirteach ó Airí Talmhaíochta Ghrúpa Visegrad agus ón mBulgáir, ón gCróit, ón Rómáin agus ón tSlóivéin maidir leis na dúshláin agus deiseanna na mBallstát i ndáil le tionscnaimh feirmeoireachta carbóin an Aontais.

Thug an Chomhairle dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí agus an Choimisiúin ar an ábhar sin.

(d) Beatha próitéine orgánaí ón Úcráin 13506/22
*Faisnéis ó thoscaireacht na Liotuáine*

**(e)** **A thábhachtaí atá sé oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus creat an Aontais maidir le faireachán ar fhoraoisí agus pleananna straitéiseacha á n-ullmhú acu** 13495/22
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Fionlainne agus na hOstaire thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire, na Cipire, na Cróite, na hEastóine, na hÉireann, na Fionlainne, na Fraince, na Gearmáine, na Gréige, na Laitvia, na Liotuáine, na hOstaire, na Polainne, na Portaingéile, na Rómáine, na Slóivéine, na Slóvaice, na Sualainne agus na hUngáire*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na Fionlainne agus na hOstaire ar fáil thar ceann na Bulgáire, na na Cipire, na Cróite, na hEastóine, na hÉireann, na Fionlainne, na Fraince, na Gearmáine, na Gréige, na Laitvia, na Liotuáine, na hOstaire, na Polainne, na Portaingéile, na Rómáine, na Slóvaice, na Slóivéine, na Sualainne agus na hUngáire. Thug an Chomhairle dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí thuas i dtacaíocht leis an Ostair agus leis an bhFionlainn agus barúlacha an Choimisiúin.

**(f) Leasacháin RENURE a chur chun cinn mar chuid den gheilleagar ciorclach** [2] 13473/1/22 REV 1

*Faisnéis ó thoscaireacht na Beilge, le tacaíocht ó thoscaireacht na hÍsiltíre, Mhálta, na Portaingéile, na Spáinne agus na hUngáire*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis arna cur ar fáil ag toscaireacht na Beilge maidir le leasacháin RENURE a chur chun cinn mar chuid den gheilleagar ciorclach.

Thug an Chomhairle dá haire freisin tuairimí an Choimisiúin agus na dtoscaireachtaí.

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráitis a ghabhann leis an mír Reachtach 'A' a leagtar amach in 13311/22**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir maidir leis an gcothromaíocht inscne a fheabhsú i measc stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuideachtaí arna liostú ar stocmhalartáin agus bearta gaolmhara**<br>*Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Measann Poblacht na Bulgáire go bhfuil an-tábhacht ag baint le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint. Tá an tír tiomanta dá gealltanais maidir le cearta an duine agus leanfaidh sé de bheith tiomanta dóibh.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le bunphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire. Ina theannta sin, in 2021, shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil gur cheart, i gcomhthéacs an dlíchórais náisiúnta, coincheap an 'ghnéis' a úsáidtear sa Bhunreacht a thuiscint, ina chiall bhitheolaíoch amháin (fir agus mná).

Agus tábhacht na ceiste á haithint aici, níl Poblacht na Bulgáire i gcoinne an dréacht-Treoir maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí a liostaítear ar stocmhalartáin a ghlacadh; i gcomhréir leis na cinntí thuasluaite ón gCúirt Bhunreachtúil, áfach, **luaitear ann, i dtaca leis na tagairtí don téarma 'inscne' sa treoir, is ina chiall bhitheolaíoch amháin a thuigeann Poblacht na Bulgáire an téarma.**'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

'Déanann Poblacht Chónaidhme na Gearmáine an treoir a léirmhíniú ar chaoi go dtagann staid dhlíthiúil reatha na Gearmáine faoi raon feidhme na gclásal fionraíochta agus mar thoradh air sin ní chuirfear de cheangal ar an nGearmáin an treoir a thrasuí sa dlí náisiúnta nuair a agrófar na clásail fionraíochta.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Measann an Ungáir gur den ríthábhacht iad tionscnaimh chun comhdheiseanna agus cóir chomhionann idir mná agus fir a chur chun cinn, agus tacaímid i gcoitinne, dá bhrí sin, leis an aidhm atá leis an treoir atá beartaithe rannpháirtíocht na mban a neartú ar gach leibhéal den chinnteoireacht, lena n-áirítear sa réimse eacnamaíoch. I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Ar na cúiseanna sin, léirmhíneoidh an Ungáir an cor cainte 'comhionannas inscne' mar chomhionannas idir mná agus fir, léirmhíneoidh an Ungáir an cor cainte 'cothromaíocht inscne' mar chothromaíocht idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus le hAirteagail 8 agus 157 mír 3 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I ndáil leis an méid thuas, aon chora cainte eile ina bhfuil an téarma 'inscne', léirmhíneoidh an Ungáir an téarma sin mar 'ghnéas' i gcomhréir le hAirteagail 10, 19 mír 1 agus 157 míreanna 2 agus 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, dearbhaíonn an Ungáir gur cheart an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025' dá dtagraítear sa treoir a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát. Thairis sin, creideann an Ungáir nach gcuirtear san áireamh i dtéacs críochnaitheach an togra gurb éagsúil ar fad cásanna na mBallstát a mhéid a bhaineann le cion na mban ar bhoird sna cuideachtaí lena mbaineann agus ba cheart di, dá bhrí sin, leibhéil éagsúil ar fad dul chun chinn a bhaint amach laistigh de thráthchlár an togra. Creidimid gur cheart méid an dul chun chinn a bheith curtha san áireamh ar bhealach níos fearr agus an clásal fionraíochta á chur i bhfeidhm.

Creideann an Ungáir go ndéantar an iomarca den chlásal fionraíochta a ghéilleadh leis an gcomhaontú críochnaitheach idir na comhreachtóirí. Níor coinníodh croí-eilimintí an chlásail fionraíochta sa téacs agus, ina theannta sin, baineadh an bhrí den chlásal leis na spriocdhátaí modhnaithe. Is iomarcach an cur isteach ar an dlí náisiúnta iad na pionóis, rud a bhaineann an bonn de neamhspleáchas agus solúbthacht na mBallstát. Forchuirtear oibleagáid cheangailteach dlí na cuspóirí a bhaint amach i bhfoirmliú reatha Airteagal 5 freisin. Anuas air sin, mhainnigh an comhaontú críochnaitheach aghaidh a thabhairt ar bhealach sásúil ar na hábhair imní maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, agus ar an ngá atá le dlíthe éagsúla cuideachta agus corparáideacha Bhallstáit an Aontais a chur san áireamh go hiomchuí. Dá bhrí sin, níl an Ungáir in ann tacú le glacadh na treorach sin.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú córas náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, léirmhíneoidh an Pholainn an cor cainte 'comhionannas inscne' mar chomhionannas idir mná agus fir agus an cor cainte 'cothromaíocht inscne' mar chothromaíocht idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus le hAirteagail 8 agus 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I bhfianaise an mhéid thuas, aon nathanna eile ina bhfuil an téarma 'inscne', is mar 'gnéas' a dhéanfaidh an Pholainn an téarma sin a léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 10, Airteagal 19(1) agus Airteagal 157(2) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.'